

Eochairchéim 2 Blianta 6 & 7

Intreoir do na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN)



Intreoir do na 'Smaointe le Foghlaim a Nascadh' (SFN)

Mar chuid dá théarmaí tagartha, tá ábhair thacaíochta forbartha ag an Chomhairle Churaclaim, Scrúdúchán agus Measúnaithe (CCEA) le cuidiú le múinteoirí an Curaclam Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Is cuid de na hacmhainní seo na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN).

Cad iad na SFNanna?

Soláthraíonn na SFNanna réimse eispéireas foghlama gníomhaí a chuidíonn le múinteoirí Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann a thabhairt chun beo. Is gléas iad le haidhm iomlán agus le cuspóirí iomlána an churaclaim agus na prionsabail taobh thiar de a fhorbairt: An Foghlaim Nasctha, Forbairt Scileanna Traschuraclaim agus Measúnú i gcomhair Foghlama. Tá rogha SFNanna ar fáil do Bhlianta 4 & 5 agus 5 & 6 agus tá tuilleadh ar an bhealach do Bhlianta 3 & 4.

Chomh maith leis sin, forbraíodh ceithre Aonad Téamacha do Bhlianta 6 & 7. Tacaíonn siad seo le múinteoirí trí:

- topaic a leagan amach le ceithre go sé seachtaine foghlama agus teagaisc a chlúdach;
- díriú ar ghné amháin d'aidhm iomlán an churaclaim athbhreithnithe;
- deiseanna measúnaithe a chur ar fáil;
- deiseanna a chur ar fáil le Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta páistí a fhorbairt;
- réimse gníomhaíochtaí foghlama gníomhaí a leagan amach a bhfuil nasc acu leis an aidhm churaclaim;
- smaointe a cheangal trasna na réimsí Foghlama.

Cé a d'fhorbair na SFNanna?

Is é CCEA a d'fhorbair na hábhair agus is múinteoirí seomra ranga as gach ceann de na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlainne agus oifigigh as réimse páirtithe oideachais a scríobh iad. Le cur leis na smaointe sna SFNanna agus lena leathnú amach bhí baint ag réimse gníomhaireachtaí seachtracha lena bhforbairt. Iarradh ar roinnt scoileanna na hábhair a thriail, rud a thug aiseolas luachmhar do CCEA i rith an phróisis.

Cad chuige ar forbraíodh na SFNanna?

Forbraíodh na SFNanna le tacú le múinteoirí curaclam níos solúbtha a chur i bhfeidhm. Ba é an aidhm a bhí leo dóigheanna a léiriú inar féidir Réimsí Foghlama an churaclaim a cheangal trí obair rathúil topaice. Cuireann na SFNanna réimse leathan intinní molta foghlama ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí agus acmhainní a d'fhéadfadh cuidiú le múinteoirí topaicí a phleanáil a bhaineann le riachtanais, réimsí suime agus cumas na bpáistí. Cé go gcuireann siad moltaí úsáideacha ar fáil, cuireann siad béim fosta ar an tábhacht a bhaineann le

smaointe na bpáistí a bheith mar chuid den foghlaim. Is féidir iad seo a úsáid mar thúsphointí nó le topaic a fhiosrú níos doimhne.

Cad é mar a chuideoidh na SFNanna liom?

Cuireann siad réimse smaointe ar fáil ar féidir a cheangal trasna an churaclaim. Is cuid inmhéanach den phróiseas í an rogha. Tá réimse bealaí féideartha a bhféadfaí dul chuca nuair a bhíonn topaic á forbairt. Sainnithníonn na SFNanna intinní féideartha foghlama agus cuireann siad ar fáil eispéiris agus straitéisí foghlama gníomhaí a bhfuil nasc dlúth eatarthu uile. Léiríonn na hábhair mar is féidir scileanna na Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Ábaltachtaí Pearsanta a bheith mar chuid lárnach de thopaic. Chomh maith leis sin, liostaíonn na SFNanna roinnt aiseanna úsáideacha a thacaíonn agus a chuireann leis an foghlaim.

An gcaithfidh an scoil s'againn gach SFN a úsáid?

Ní chaithfidh. Níl le roghnú ach topaicí cuí agus iad siúd a bhaineann le riachtanais agus le réimsí suime na bpáistí atá i do rang. Ní hé amháin go gcuireann na SFNanna comhthéacsanna molta ar fáil ach léiríonn siad chomh maith na bunphrionsabail atá mar dhúshraith ag Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann mar a luaitear thuas. Is furasta iad seo a aistriú go dtí topaic ar bith is mian leat a fhiosrú, mar shampla, múinteoir amháin a thriail na SFNanna roghnaigh sé smaointe ó dhá SFN agus rinne iad a chumasc ina thopaic nua a d'eascair ó réimsí suime na bpáistí.

An gcaithfidh mé ábhar IOMLÁN an SFN a chlúdach?

Ní chaithfidh. Ba chóir breathnú ar an SFNanna mar chlár rognach de ghníomhaíochtaí molta foghlama a cuireadh le chéile le cuidiú leat an foghlaim a nascadh ar fud an churaclaim. Níl ort an t-ábhar ar fad a chlúdach, dáiríre ní chaithfidh tú cuid ar bith de a chlúdach murar mian leat. Tá a oiread sin gníomhaíochtaí foghlama sna SFNanna, bheadh sé dodhéanta gach rud a chlúdach!

Cad é mar a roghnaím SFN?

Is tusa, an múinteoir, is fearr fios maidir le réimsí sume do ranga. Úsáid an t-eolas seo le cuidiú leat topaic a roghnú. Mura bhfuil suim agat féin ná ag na páistí san ábhar, cuirfear bac ar foghlaim agus ar theagasc éifeachtach.

'Smaointe le Foghlaim a Nascadh' (SFNanna) a Úsáid

CÉIM 1: NA SFNanna A SCANADH

I ndiaidh duit na treoiríníte seo a léamh, SCAN na SFNanna. Tabharfaidh sé seo forbheathnú duit ar na topaicí atá ar fáil. Roghnaigh SFN a fhóireann go maith do réimsí suime agus riachtanais foghlama na bpáistí i do rang. Cuireann an SFN réimse leathan smaointe ar fáil le gach topaic a fhiosrú trasna na réimsí Foghlama. B'fhéidir gur mhaith leat ag an phointe seo, na gnéithe atá fóirsteanach, dar leat le fiosrú ag do rangsa a roghnú agus a léiriú.

CÉIM 2: SOCRAIGH DO CHUID INTINNÍ FOGHLAMA

Tá intinní foghlama ag croílár ábhar gach réimse foghlama. Sainaithean an fhoghlaim ba mhaith leat a fhorbairt tríd an topaic. B'fhéidir gur mhian leat iad seo a choigeartú lena gcur in oiriúint do riachtanais foghlama na bpáistí.

CÉIM 3: DÉAN RÉAMH-GHNIÓMHAÍOCHT

Tabharfaidh sé seo léargas maith duit ar a bhfuil ar eolas ag na páistí faoin topaic agus ar na nithe a tharraingíonn a n-aird. Cuideoidh sé seo libh na gnéithe ba mhaith libh a fhiosrú go domhain a shocrú le chéile.

CÉIM 4: GLAC LE SOLÚBTHAIGHT NA SFNanna

Féadann tú na gnéithe is fearr leat féin a roghnú, neamhaird a thabhairt ar na gnéithe nach mian leat a úsáid, réimsí a fhorbairt agus roghanna eile a chur leo. Ná déan dearmad páirt a thabhairt do na páistí i bpleanáil na foghlama. In amanna, is acu a bhíonn na smaointe is fearr!

CÉIM 5: PLEANÁIL CÁ HUAIR, CAD É, AGUS CÉN DÓIGH A mBEIDH TÚ AG MEASÚNÚ

Bíonn sé ina chuidiú mór ag páistí fios a bheith acu cad é leis a bhfuiltear ag dúil uathu má bhíonn siad páirteach i gcruthú critéir ratha chomhaontaithe. Ciallaíonn sé seo go n-aontaíonn sibh lena chéile roimh ré faoi fhócas agus nádúr an mheasúnaithe, rud a bhraitheann fosta ar cé acu de na hintinní foghlama ar mian leat béim a chur orthu ag am áirithe. Féadann sé bheith ina chuidiú mór ag páistí fosta a bhfoghlaim a fheabhsú má insíonn do chuid aiseolais dóibh cá háit ar éirigh leo agus cad iad na rudaí ar gá dóibh a dhíriú orthu lena gcuid oibre a fheabhsú.

CÉIM 6: SOCRAIGH CAD É ATÁ TÁBHACHTACH A CHLÁRÚ AGUS A THUAIRISCIÚ

Le do chuid oibre a choinneáil inlámhsithe, d'fhéadfá a shocrú go gcláróidh tú breathnuithe suntasacha maidir le dul chun cinn i scileanna agus in eolas. Thar am cuirfidh sé seo eolas ar fáil a éascóidh pleanáil amach anseo agus cuideoidh sé leat breitheanna a dhéanamh faoin eolas atá le cur ar aghaidh chuig comhghleacaithe, chuig tuismtheoirí agus chuig na páistí. Fiafraigh díot féin - 'Cad iad na breathnuithe tábhachtacha atá le clárú agam le pictiúr iomlánaíoch a dhéanamh den pháiste?'

Anseo thíos tá an raon de SFNanna atá ar fail d'Eochairchéimeanna 1 agus 2

Blianta 3 agus 4	Tá Scoil Faiseanta Tithe agus Bailte Slán Sábháilte Ceiliúramis Frídí, Éin agus Ainmhithe Ainneoin na hAimsire
Blianta 4 agus 5	Turais Mise Mé Féin Lá Den Saol An Saol le Blianta Beaga Anuas
Blianta 5 agus 6	An Saol Faoi Lánseol An Pláinéad Gorm Turas Tríd an Bhliain An Áit a gCónaím
Blianta 6 agus 7	Iontas an Domhain Éiceolaochra Riachtanais agus Teastálacha Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite Sa Nuacht Timpeall an Domhain

Cás-Staidéir

Le linn 2007, ghlac roinnt scoileanna páirt i dtrial SFNanna Bhlianta 6 agus 7.

Ar na torthaí a rabhtar ag dúil leo ón triail bhí cinntiú gur forbraíodh roinnt cás-staidéar le go roinnfí dea-chleachtas ar fud Thuaisceart Éireann. Is iad na múinteoirí a ghlac páirt sna trialacha a scríobh na cás-staidéir atá curtha ar fáil anseo. Léiríonn siad mar a d'athraigh na scoileanna píolótacha na SFNanna leis an úsáid is fearr a bhaint as áiseanna a bhí sa scoil s'acu agus ina gceantar áitiúil cheana. Léiríonn siad an dóigh ar cheangail múinteoirí a smaointe féin leis na SFNanna le topaicí a chruthú a bhí spreagúil agus a d'fhreastail ar réimsí suime, ar riachtanais agus ar chumas na bpáistí ina gcuid ranganna féin.

Bunscoil Choill an Ghleanna, Béal Feirste

Bunscoil Imeasctha Radharc an Locha, Béal Feirste

Bunscoil Naomh Muire, Áth an Dúin

Bunscoil Naomh Treasa, Béal Feirste

Bunscoil Naomh Eoin, An Mhaigh

Bunscoil Naomh Iósaf, Tigh Riala

Bunscoil Choill an Ghleanna

Cúlra

Is scoil mhór ionchathrach de chuid Bhéal Feirste í Bunscoil Choill an Ghleanna a raibh baint aici le réimse leathan tionscnamh curaclaim lena n-áirítear: An Curaclam Saibhrithe, An Curaclam Digiteach, Fónaic Theangeolaíoch, Tionscadal Comet, Creidiúnú TFC, Measúnú i gcomhair Foghlama, Bun-Ghluaiseacht agus Próifíl an Dalta. Nuair a rinneadh an triail phíolótach bhí 457 dalta sa scoil.

SFN

Roghnaigh muid 'Éicealaochra' óir mhothaigh muid go gcuirfeadh na páistí suim sa réimse seo. Shocraigh muid díriú ar théama 'An Fhoraois Bháistí' agus súil againn go dtreoródh agus go bhforbródh na páistí a gcuid foghlama féin chomh maith le spreagadh a bhaint as an téama seo le tionscnamh fiontraíochta a chruthú.

Pleanáil

Shocraigh muid an chéad choicís a phleanáil mar spreagthach do na páistí. Chlúdaigh gníomhaíochtaí réimse achar den churaclam, Corpoideachas san áireamh. Ní dearnadh ach an chéad choicís a phleanáil óir bhí d'aidhm againn go gcruthódh sé seo túsphointe do na páistí le páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas pleanála.

Níor ghlac an phleanáil don chéad choicís rófhada. Bhí an phleanáil don SFN iomlán ar aon leathanach amháin agus b'fhurasta dul siar agus pleanáil bhreise a chur leis do na ceithre seachtaine eile de réir mar a d'fhorbair na páistí a n-intinne foghlama, a mianta agus a riachtanais féin.

Cruthaíodh pleananna seachtainiúla fosta ionas go dtiocfadh linne, na múinteoirí, díriú ar fhoghlaim bhaile, difreálú agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta. Bhí an t-ullmhúchán seo ríthábhachtach le go n-éireodh linn.

Túsphointí

Mar a dúradh cheana, rinneadh an chéad choicís a phleanáil do na páistí mar spreagthach don tionscadal iomlán. Thosaigh muid le cur i láthair Powerpoint le grianghraif agus fuaimrian agus ansin thug muid deis do na páistí 'smaoineamh i bpéirí agus roinnt' ina ngrúpaí beaga, ag plé réimse faoinar mian leo níos mó a fhoghlaim, bunaithe ar an téama. Chomh maith leis sin, thug muid na páistí chuig Gairdíní na Lus agus chuig an Ailt Thrópaiceach mar a raibh tairbhí ag na páistí ar 'fhoraois bháistí'.

Faoi dheireadh na coicíse, bhí na páistí ag tosú a fháil amach gur fadhb dhomhanda í scriosadh na bhforaoisí báistí. Rinne siad suirbhé ar thuismitheoirí agus ar chairde agus chinn siad gur mhaith leo roinnt airgid a bhailiú. Chinn siad ar cé na heagrais a raibh siad ag dul a thabhairt airgid dóibh agus leag siad amach na gníomhaíochtaí a bhí siad ag dul a eagrú leis an airgead a bhailiú. Chinn siad fosta gur mhaith leo an méid a fuair siad amach a insint do na páistí uile in Eochairchéim 2 agus do thuismitheoirí i bhfoirm tionóil.

Forbairt

Sna ceithre seachtaine dheireanacha den SFN, roinn muid ár gcuid ama go cothrom idir díriú ar fhoghlaim na bpáistí féin faoin fhoraois bháistí agus an Fiontar a eagrú.

Roghnaigh na páistí gur mhaith leo foghlaim faoi ainmhithe na foraoise báistí, faoi na bundúchasaigh [agus mar a théann scriosadh na bhforaoisí báistí i bhfeidhm orthu], faoi na comhlachtaí móra atá ag iarraidh níos mó agus níos mó talaimh in abhantrach na hAmasóine agus iarmhairtí domhanda scriosadh na bhforaoisí báistí. Bhí deis ag na páistí fosta réimse torthaí trópaiceacha a bhlaiseadh agus 'scór' a thabhairt dóibh. D'fhoghlaim siad ar réimse dóigheanna, lena n-áirítear taighde ag úsáid leabhar agus an idirlín, taithí láimhe, físeán, díospóireacht, tuairiscí nuachta, aimsiú fíricí, scríobh litreacha agus ag plé sa bhaile.

D'eagraigh na páistí an Fiontar trína roinnt féin ina ngrúpaí: - bainistíocht, airgeadas, fógraíocht agus fórsa saothair. Ghlac gach grúpa a bhfreagracht an-dáiríre. Ba é buaicphointe an tionscadail an mhaidin a caitheadh ag díol tósta agus scónaí, an t-aonach siamsaíochta a mhair lá iomlán sa halla, comórtas dathadóireachta agus tionól gairid fíriciúil ina raibh seinm drumáí agus damhsa Haka! Cé go bhfuil cuma chasta air seo, d'éirigh go geal le gach rud óir bhí na páistí ullmhaithe go maith agus is beag costas a bhí air, rud a chuir an grúpa poiblíochta i gcuimhne dúinn go mion is go minic, 'Táimid á dhéanamh seo don fhoraois bháistí, ní ar mhaithe le duais a bhaint!' Thóg muid beagnach £500, a thug muid do Chiste Fiadhúla an Domhain.

Luacháil

Múinteoirí

- Ba mhór an tairbhe an t-am pleanála óir chuir sé ar ár gcumas díriú ar smaointe a fhorbairt a chinntigh go raibh deiseanna ag páistí a Scileanna Smaointeoireachta Ábaltachtaí Pearsanta a léiriú, a gComhthuiscint a fhorbairt i dtéama a bhí go hiomlán ar bhonn traschuraclaim.
- Bhain muid sult as breathnú ar na páistí ag éirí níos muiníní agus ar na róil dhifriúla a léirigh siad go nádúrtha. D'úsáid muid réimse teicnící Measúnaithe i gcomhair Foghlama le cuidiú le forbairt na bpáistí agus le dul chun cinn a spreagadh.

Páistí

- Bhain na páistí sult as sairse an SFN, an chinnteoireacht agus ag obair mar fhoireann don sprioc dheiridh.
- Bhain siad sult as torthaí a gcuid oibre a fheiceáil agus bhí siad iontach sásta leis an mhéid airgid a bhailigh siad.
- Bhí siad sásta go raibh siad in ann a dtaighde ainmhithe a úsáid le tacú le hobair a bhí siad a dhéanamh mar chuid de Scéim Chreidiúnaithe TFC CCEA.
- Bhain an dá rang sult as na tascanna agus as na gníomhaíochtaí foghlama a cuireadh rompu agus is minic nár thuig siad go raibh foghlaim ag dul ar aghaidh.

Tuismitheoirí

- Bhí na tuismitheoirí sásta bheith páirteach leis an SFN ón tús mar chuir muid litir chucu lena mhíniú dóibh cad é a bheadh ar bun againn sna sé seachtaine dár gcionn agus spreag muid iad a bheith páirteach an oiread ab fhéidir.
- Bhí na páistí breá sásta na tuismitheoirí bheith páirteach ina gcuid obair bhaile, trí cheistneoir a fhreagairt nó trí fhreagairt do mhíniúcháin a p(h)áiste ar scriosadh na bhforaoisí báistí. Bhí na tráchtanna ón bhaile dearfach i dtólamh agus chuir siad le muinín na bpáistí.
- Chuir muid cuireadh ar na tuismitheoirí chuig an tionól agus bhí an tinreamh go maith. Mar mhúinteoirí, fuair muid aiseolas dearfach ó thuismitheoirí ag insint dúinn a mhéad a d'fhoghlaim siad óna gcuid páistí agus a fhiúntaí a bhí an SFN.

Bunscoil Imeachtha Radharc an Locha, Béal Feirste

Cúlra

Tá Bunscoil Imeachtha Radharc an Locha suite ar an Chaisleán Riabhach, Béal Feirste agus bhí baint aici le roinnt mhaith tionscnamh curaclaim lena n-áirítear Scileanna Bun-Ghuaiseachta agus na SFNanna do Bhliain 5. Tá siad fosta ag obair le scoileanna comhpháirteacha le grúpa páistí as an Afraic Theas a thabhairt go Tuaisceart Éireann. Tá Radharc an Locha ag obair i dtreo ghnóthú an Chomhartha eitleoige *British Dyslexia Association - Dyslexic Friendly School* agus cuireann sí cur chuige 'Corp Folláin, Intinn Fholláin' chun cinn. Nuair a rinneadh an triail phiólótach bhí 450 dalta sa scoil.

SFN

Roghnaigh muid an SFN 'Riachtanais agus Teastálacha' ar dhá chúis. Sa chéad dul síos, bhí Radharc an Locha ag óstáil grúpa páistí as an Afraic Theas ag deireadh Mheithimh agus mothaíodh, ní hé amháin go gcuideodh a leithéid de SFN le feacht a riachtanas agus a mianta féin a ardú, ach go gcuideodh sé fosta riachtanais agus mianta réimse páistí as tíortha eile a thuiscint. Chomh maith leis sin, mothaíodh go gcuirfeadh an cur chuige fiontraíochta deis ar fáil leis na scileanna agus na cumais a bhíonn de dhíth le hobair le daoine eile i gcomhthéacs fíor a fhorbairt.

Pleanáil

Chruthaigh muid gníomhaíochtaí bunaithe ar thopaicí molta agus d'fhorbair muid iad lena chinntiú gur clúdaíodh gach réimse den churaclam. Smaoinigh muid go cúramach faoi na scileanna ba mhian linn ár cuid páistí a fhoghlaim agus faoi na cumais ba mhian linn iad a fhorbairt síos tríd an SFN seo. Aon uair amháin a bhí muid cinnte fúthu seo, thosaigh muid a phleanáil. Bhí na príomhinní foghlama leagtha amach sa SFN cheana. Bhí an doiciméad pleanála a cuireadh ar fáil iontach úsáideach óir ba léir dúinn cad é a bhí déanta againn agus cá háit ar mhaith linn dul. Chruthaigh muid pleananna seachtainiúla fosta ina raibh gníomhaíochtaí difreálaithe mar nasc leis an bhaile. Chuidigh na pleananna seo linn díriú ar na scileanna agus na cumais ba mhaith linn ár bpáistí a bhaint amach. Bhí an mhionphleanáil seo ag croílár an SFN seo ar éirigh chomh maith sin leis.

Túsphointí

Mar phríomh-thúsphointe, d'iarr muid ar na páistí na téarmaí 'RIACHTANAIS' agus 'TEASTÁLACHA' a phlé agus a shainmhíniú, dar leo féin. Shainmhíniigh siad an dá théarma agus thug samplaí. Bhí siad in ann a aithint go raibh réimse bunriachtanas ag daoine a

bhí de dhíth orthu le go mairfidh siad. Spreagadh iad le clár pleanála a úsáid agus teacht aníos le réimse ceisteanna ar mhaith leo go bhfreagrófaí iad, bunaithe ar a dtuiscint ar 'riachtanais' agus 'teastálacha'. D'eascair taighde pearsanta sa bhaile, sa leabharlann agus ar an idirlíon le tacaíocht tuismitheoirí ón chlár pleanála agus ón phlé a chuaigh leis. Bhí na páistí go mór i bhfách le nasc a dhéanamh leis an scoil san Afraic Theas agus chinn siad ar an aiste bia agus an aclaíocht s'acu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena gcuid féin. Bhí a fhios acu, áfach, gurbh as ceantair faoi an-mhíbhuntáiste cuid mhór de na páistí seo agus chinn siad ar a n-aiste bia féin a fhiosrú ach go mbeadh bia a fhásann nó a dhéantar i dtíortha ar nós na hAfraice Theas san áireamh.

Forbairt

Dhírigh muid ar thrí phríomhréimse:

1. Beatha páiste i mBliain 7 i dTuaisceart Éireann a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le beatha duine óig san Afraic Theas.
2. Fiosrúchán aiste bia. D'fhiosraigh muid bricfeastaí ar fud an domhain agus chuir muid na rudaí a itheann páistí i seacht dtír dhifriúla i gcomparáid agus i gcodarsnacht.
3. Bunú club bricfeasta i Radharc an Locha - thug na páistí Lick your L.I.P.S air mar go seasann na litreacha d'ainm Béarla na scoile.

D'fhorbair muid réimse a haon agus a dó trí nasc a dhéanamh idir An Domhan Thart Orainn, Litearthacht, Oideachas Reiligiúin agus am ciorcail. Phléigh muid fianaise a fuarthas trí úsáid físeán agus chuir muid nasc fíis-chomhdhála ar bun le múinteoirí as an Afraic Theas a bheidh ag teacht ar cuairt go Tuaisceart Éireann. Dáiríre, chuir sé iontas orainn a laghad a bhí a fhios ag na páistí ar a gceantar roghnaithe ach is mór a chuidigh sé seo lena bhfiosracht agus a scileanna taighde phearsanta a fhorbairt.

Ansin, chinn na páistí ar chlub bricfeasta a chur ar bun agus a reáchtáil - téann na pointí chuig gníomhaíocht roinnte idir iad féin agus na páistí san Afraic Theas. D'aithin siad na croiscileanna a bhíonn de dhíth lena chinntiú gur oibrigh siad go maith le chéile agus scríobh siad cairt chomhaontaithe don chlub bricfeasta. Ansin, d'fhiosraigh siad ról taobh istigh de chomhlacht; tháinig tuismitheoir isteach leis na ról sa ghnólacht s'aige a phlé. Chruthaigh na páistí clár folúntais post agus rinne siad agallaimh bhréige do gach post a bhí ar fáil.

Tháinig feabhas iontach ar scileanna TFC na bpáistí trí úsáid scarbhileog, feachtas fógraíochta agus na biachláir a cruthaíodh. Chomhlánaigh an rang tasc comparáide praghsanna lena chinntiú gur cheannaigh siad ar an phraghas ab ísle agus ab fhéidir le corrlach maith brabúis a chinntiú.

Chuaigh muinín na bpáistí agus a dtoil chun na tascanna a chomhlánú i gcion orainn chomh maith lena mian lena chinntiú go raibh gach duine ar a bhfoireann ag obair chomh cumasach agus ab fhéidir.

Luacháil

Múinteoirí

- Ba mhór an tairbhe na laethanta pleanála.
- Bhí na teicnící Measúnú i gcomhair Foghlama ag croílár theagasc na scileanna agus na gcumas.
- Chuir an réimse gníomhaíochtaí ar chumas na bpáistí a smaointe a thabhairt chun críche.

Páistí

- B'AOIBHINN leis na páistí bheith páirteach sa SFN - tá feasacht méadaithe léirithe acu ar bheith ag obair i dtionscadal.
- Méadaíodh a muinín go mór fosta de thairbhe an bhrabúis a rinne siad.
- Tá siad toilteanach an cineál seo gníomhaíochta a dhéanamh arís!

Páirtíocht Tuismitheoirí

- Thagair tuismitheoirí d'fheasacht na bpáistí ar thairiscintí agus ag cuardach an mhargaidh is fearr.
- D'fháiltigh tuismitheoirí roimh thionscadail a bhí ceangailte leis an chlub bricfeasta agus spreag siad páistí le taighde a dhéanamh i siopaí agus sa bhaile s'acu féin.
- Chuir páirtíocht sa scéim phíolótach seo eispéireas sultmhar fiúntach ar fáil dúinn. An bhliain seo chugainn tá súil againn go mbeimid ag pleanáil le haghaidh Comhlacht Ionad Gairdíní a dhíolann plandaí srl.

Bunscoil Naomh Muire, Áth an Dúin

Cúlra

Is scoil bheag tuaithe í Bunscoil Naomh Muire atá suite in Áth an Dúin, Contae an Dúin agus bhí sí páirteach in iliomad tionscnamh lena n-áirítear Scéim Phíolótach an Churaclaim Shaibhrithe, Scéim Phíolótach SFN Bhlianta 3, 4 agus 5 agus Scéim Phíolótach Mheasúnú i gcomhair Foghlama. Agus an doiciméad seo á scríobh bhí 86 dalta ar an scoil.

SFN

Roghnaigh mé an SFN 'Éicealaochra' ar an ábhar go bhfuil na saincheistanna a dtugann sé fúthu iontach tráthúil, ábhartha agus bíonn siad le feiceáil sna meáin go minic, rud a chaillaíonn go bhfuil seans ann go bhfuil réamheolas ag na daltaí orthu. Mothaím go bhfuil na ceistanna seo iontach tábhachtach i saol an lae inniu. Trí aghaidh a thabhairt ar na ceistanna seo ar scoil, táimid ag cur chun cinn chuspóirí Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann trí chuidiú le páistí bheith ábalta cinntí dearfacha eolasacha a dhéanamh anois agus feasta.

Pleanáil

Ós rud é gur codanna lárnacha den churaclam iad na Scileanna Smaointeoireachta agus na hÁbaltachtaí Pearsanta, chinn mé diriú ar 'Obair le daoine eile' agus 'Cruthaitheacht'. Spreagann 'Obair le daoine eile' páistí lena scileanna comhoibrithe agus roinnt a fhorbairt agus iad ag obair mar chuid de ghrúpa. Spreagann 'Cruthaitheacht' páistí le ceistanna a chuardach atá le fiosrú, le fadhbanna a réiteach agus le smaointe a fhíorú trí thriail a bhaint as dearthaí, gníomhartha agus torthaí difriúla.

Baineadh úsáid as Measúnú i gcomhair Foghlama arís mar uirlis leis an phróiseas foghlama a luacháil. Spreagadh páistí le modhanna éagsúla píar- agus féinmheasúnaithe a úsáid lena fháil amach cá mhéad de na hintinní foghlama a baineadh amach.

Leagadh intinní foghlama amach trí chlár 'WALT' a úsáid ag tús gach seisiúin agus úsáideadh ionchur na bpáistí le critéir chuí ratha a dhíorthú. Sholáthraigh na SFNanna intinní foghlama ach choigeartaigh muid iad sin dár riachtanais sainiúla féin agus muid ag pleanáil.

Túsphointí

Ag céim an-luath leag muid amach roinnt croícheistanna a d'fhéadfaí a fhreagairt thar an tréimhse sé seachtaine.

Cad é is éicealaoch ann?

Cad é mar thig linne bheith inár éicealaochra?

An dtuigimid i gcónaí luach ár dtimpeallachta?

Thug úsáid an chláir phleanála deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt agus ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Chuir muid na croícheistanna ar ár gclár pleanála, mar shampla, *Cad é atá a fhios againn? Cad é ba mhaith linn a fháil amach? Cad é atá de dhíth orainn? Cad é mar a thig linn níos mó a fháil amach? Cad é mar atáimid ag dul a leagan amach an tseomra ranga? Cad é mar a thaispeánfaimid ár gcuid foghlama?* Bhí sé tábhachtach ag an phointe seo smaointe na bpáistí a threorú agus an nasc a dhéanamh idir an rud a bhí de dhíth ormsa, mar an mhúinteoir s'acu, ón SFN agus an méid ba mhaith leosan a fháil amach.

Forbairt

Thosaigh muid an SFN le 'ransú smaointe'. Chuir sé seo ar mo chumas eolas na bpáistí a mheas agus agus mo bhealach tríd an SFN a phleanáil. D'úsáid mé réimse cineálacha ceistithe, idir oscailte agus dhruide, le heolas a fháil. Fuair mé amach go raibh a fhios ag páistí faoin athchúrsáil óir bhí sí á déanamh go forleathan acu sa bhaile agus is gné rialta í sna meáin áitiúla.

Síos tríd SFN Éicealaochra, úsáideadh an clár pleanála le dul chun cinn a mheas agus le hobair a raibh rath uirthi a cheiliúradh agus le páistí ag coinneáil ag dul sa treo ceart. Dhírigh muid ar dtús ar théama na foraoise báistí sa SFN. Thar an tréimhse sé seachtaine, rinne muid staidéar ar an bheatha san fhoraois bháistí, an áit a bhfuil na foraoisí, an aeráid agus na gnéithe fisiceacha. Dhear na páistí maisc laochra agus chruthaigh siad timpeallacht foraoise báistí, lena n-áirítear táipéis bhalla agus fuaimeanna foraoise báistí. Saothar spreagúil a bhí ann agus chuir páistí ar fud na scoile dúshuim ann. Ansin, d'fhiosraigh muid ceist an dífhoraoisithe agus an téamh domhanda a thagann dá bharr. Spreag muid na páistí bheith ag fiosrú sa bhaile, sa leabharlann agus ar an idirlíon. Bhí na páistí in ann machnamh agus trácht a dhéanamh ar an dóigh a rachaidh sé seo i bhfeidhm ar a saol sna blianta atá romhainn.

Ós rud é go raibh muid páirteach sa chur chuige fiontraíochta maidir leis an SFN, chinn muid ar fheachtas a dhíreodh ar mhúiríní. Agus muid ag eagrú ár bhfeachtais, chinn na páistí cé na ról agus na freagrachtaí a bhí de dhíth. Áiríodh san fheachtas dearadh póstaer, bileoga eolais agus seónna sleamhnán ar an tairbhe a bhaineann le múiríní inár scoil. B'éigean do na páistí obair le chéile agus comhréiteach a dhéanamh nuair a bhí cinntí tábhachtacha grúpa á ndéanamh ar nithe ar nós leagan amach, sluán agus pictiúr.

Shocraigh muid 'Ceardlann Mhúirínithe' le Janet McIlvenna, Oifigeach Timpeallachta as Comhairle Cheantar an Dúin. Deis den scoth a bhí ann do na páistí go bhfeicfeadh siad cén dóigh a ndéantar múirín. Anois, cuireann gach rang sa scoil ábhar san araid mhúirín gach lá.

Thug muid cuairt ar láithreán líonta talaimh Dhroim na Coille agus ar an ionad athchúrsála i gCaisleán Uidhílín. Baineadh geit as na páistí nuair a chonaic siad an tionchar tubaisteach atá ag an dumpáil bhruscair thí ar ár dtimpeallacht. Bhí an boladh go huafásach! Ba é an teachtaireacht ba mhó a tháinig ónár dturas chuig an ionad athchúrsála - 'Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil' agus an tábhacht atá lenár dtimpeallacht a chosaint do na glúine atá le teacht.

Bhí an feachtas s'againn iontach taitneamhach ag gach duine a bhí páirteach [agus thart ar an araid mhúirín an áit ab fhéarr leis na páistí ag am sosa!].

Trí thimpeallacht neamh-ionsáite a chruthú, mhothaigh na páistí compordach agus muiníneach i roinnt a gcuid smaointe lena gcomhdhaltaí. Cuireadh an timpeallacht seo ar bun trí na rialacha seomra ranga a athneartú, lena n-áirítear meas ar dhaoine eile, éisteacht agus roinnt.

Mothaím gur baineadh amach spriocanna an SFN. Ar luacháil dom, áfach, mothaím go bhféadfaí roinnt nithe a fheabhsú le cur le heispéiris foghlama na ndaltaí. Cé gur éirigh go maith leis an 'fheachtas' le múirín de dhéantús an bhaile a dhéanamh, thabharfainn iarraidh ceird eile a thabhairt isteach ar nós díol plandaí pota ag úsáid an mhúirín a tháirg muid.

Bunscoil Naomh Treasa, Béal Feirste

Cúlra

Is scoil mhór ionchathrach í Bunscoil Naomh Treasa i mBéal Feirste a bhí páirteach i réimse leathan tionscnamh curaclaim lena n-áirítear scéim phíolótach *Enterprise Story Sack* i mBliain 4. Nuair a rinneadh an scéim píolótach seo bhí 448 dalta ar an scoil.

SFN

Roghnaíodh an SFN 'Sa Nuacht'. Is é an fáth a bhí leis sin go raibh rang Bhliain 6 páirteach cheana féin i dtionscadal léitheoireachta a raibh baint ag an Irish News leis agus mothaíodh go gcuirfeadh an SFN leis an obair a bhí ag dul ar aghaidh cheana. Chomh maith leis sin, tá an scoil suite in aice le príomhoifig nuachtáin áitiúil agus thug sé seo deis dúinn cuairt oibre a dhéanamh.

Pleanáil

Nuair a aontaíodh an topaic leis an rang, roinneadh na páistí ina ngrúpaí agus úsáideadh 'Díospóireacht Bhata'* le ligean do pháistí a gcuid smaointe a phlé, pleanáil le dul chun cinn an tionscadail agus na rudaí ba mhaith leo a fhoghlaim a shocrú. D'úsáid muid bailiúchán Poistíní* le heolas ó gach grúpa a chomhordú. Ansin, úsáideadh próiseas ar a dtugtar 'An Tonnadóir Smaointe'* le réimsí a chur in ord tosaíochta maidir le hábharthacht agus tábhacht, dar leis na páistí. Léiríodh smaointe na bpáistí ar ghreille mhór KWL*. Bhí sé de rún againn tagairt a dhéanamh don ghreille seo agus an tionscadal á fhorbairt.

Ag feidhmiú mar éascitheoir, d'úsáid mé an ghreille le plean sé seachtaine a dhearadh ina raibh cur síos ar ghníomhaíochtaí faoi cheannteidil Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann. Leagadh béim ar dheiseanna le Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a fhorbairt. D'aithin mé bearnaí fosta agus tugadh aghaidh orthu seo sa phlean. Roinneadh intinní foghlama ina dhiaidh sin agus rinneadh iad a phlé agus a chomhaontú leis an rang.

Tuspointí

Ba é an tuspointe a bhí againn an cheist 'Cad é go díreach an chiall atá le 'sa nuacht'? a phlé agus 'Cad é mar a thuairiscítear an nuacht?' Uaidh seo, d'ainmnigh na páistí ainmneacha na nuachtán uile a bhfuil siad eolach orthu agus shórtáil iad ina nuachtáin náisiúnta nó áitiúla. D'amharc siad fosta ar nuachtáin leis na príomhthréithe a shainaithint, le breathnú ar cheannlínte, ar fhógraí agus ar na rannóga éagsúla atá i ngach nuachtán. Ina grúpaí, chinn na páistí ar thaighde a dhéanamh ar na poist

éagsúla a bhaineann le táirgeadh nuachtáin. Bhí grúpa amháin ag iarraidh a fháil amach faoin dóigh ar athraigh clódóireacht le 100 bliain anuas. Ba mhian le grúpa eile a fháil amach faoin dóigh ar athraigh cumarsáid agus faoin tionchar a bhí aige seo ar thuairisciú nuachta. Mar rang, shocraigh na daltaí cuairt ar an nuachtán áitiúil ag súil go mbeadh siad ábalta an t-eolas ábhartha a fháil dá dtionscadal grúpa. D'ullmhaigh na páistí ceistneoir roimh ré agus cuireadh chuig an nuachtán é.

Forbairt

I ndiaidh dúinn cuairt a thabhairt ar an nuachtán áitiúil socraíodh go n-amharcfadh an rang níos mine ar an dóigh a gcuirtear fógraí i láthair sa nuachtán agus úsáid teanga mealltaí. Bhailigh na páistí réimse fógraí, ag díriú ar lógónna, manaí agus sluáin comhlachtaí. Bhí craic ar dóigh acu ag iarraidh réimse lógónna agus sluán a shainaithint. Ansin, dhear na páistí a bhfógraí féin le dul le táirge a chum siad féin. D'oibrigh siad i ngrúpaí fosta lena bhfógraí féin a phleanáil, a scríobh agus ansin a léiriú do na grúpaí eile sa rang.

Ba mhaith leis an rang gné thrádála a bheith san fhiontar. Ós rud é go raibh muid ag tarraingt ar Lá Fhéile Pádraig, chinn siad gur mhaith an smaoineamh é seamróga a dhíol leis an fhoireann, daltaí agus tuismitheoirí agus tháinig an Super Sonic Shamrock Company ar an saol. Ba é an chéad fhadhb acu airgead a bhailiú le tús a chur leis. Rinne siad seo trí scaireanna a dhíol le tuismitheoirí agus le gaolta. Ansin, d'aimsigh siad soláthraí trí theagmháil a dhéanamh le díoltóir áitiúil bláthanna ar tuismitheoir duine de na daltaí i rang eile í. Ansin, dhear na páistí póstaer, bileoga eolais agus scríobh siad pits díolacháin, a chuir siad i láthair na ranganna eile. Le linn an fhiontair ar fad, choinnigh na páistí miontaifid ar dhíolacháin, costais, teacht isteach agus brabúis rud a chuir bonn faoi obair na ndaltaí ar láimhseáil sonraí, airgead, meáin agus réiteach fadhbanna. Chomh maith leis seo, bhí deis ag na páistí réimse áiseanna TFC a úsáid lena gcuid oibre a chlárú agus a chur i láthair.

Dhíol an Super Sonic Shamrock Company breis agus 600 pota de sheamróga agus rinne brabús de breis agus £300. I ndiaidh dóibh machnamh ar a bhfreagracht shóisialta, chinn na páistí gur mhaith leo trealamh súgratha am lóin a cheannach do gach rang. Bronnadh díbhinn 20% ar scairsealbhóirí as a n-infheistíocht tosaigh.

Mar chonclúid, iarradh ar na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim ina hiomláine. D'oibrigh siad ina ngrúpaí le seó sleamhnán a tháirgeadh inar chuir siad síos ar na nithe a thaitin leo faoin topaic 'Sa Nuacht'. Rinne siad mionchur síos ar stair na nuachtán, ar na poist éagsúla atá i gceist i dtáirgeadh nuachtáin agus ar na rannóga difriúla atá i nuachtán. Dúirt siad gur bhain siad an-sult as bheith ag obair i gcuideachta a chéile - nár thuig siad a mhéad oibre a bhí siad a dhéanamh óir go raibh na hábhair uile nasctha lena chéile agus gur spraoi iontach a bhí ann.

Bhí na páistí iontach bródúil as a gcuid oibre agus bhí an chuma orthu go raibh siad iontach tiomanta. B'fhéidir gurbh é an chúis a bhí leis sin go raibh smacht acu féin ar a bhfoghlaim féin. Phleanáil siad an méid a bhí siad ag iarraidh a fhoghlaim agus chonaic siad feidhm dháiríre leis an fhoghlaim.

Luacháil

Bhí na daltaí an-tiomanta don fhoghlaim. D'oibrigh siad go han-mhaith ina ngrúpaí agus iad iontach cuidiúil agus tacúil lena chéile. Bhí siad in ann feidhm a bhaint as láidreachtaí a chéile ar dhóigh iontach nádúrtha.

Dá mbeinn leis an topaic seo a theagasc arís, smaoinéoinn ar bhreathnú ar an dóigh a gcuireann meáin eile an nuacht i láthair, an teilifís mar shampla. Smaoinéoinn fosta ar bhreathnú níos doimhne ar phoist dhifriúla a dhéanann daoine sna meáin. Ba mhaith liom breathnú ar an fhéidearthacht a bhaineann le nuachtán scoile a bhúnú agus na deiseanna uile a bhaineann leis seo a fhiosrú.

*Féach leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc.

Bunscoil Naomh Eoin, An Mhaigh, Cás 1

Cúlra

Is scoil bheag bhaile mhóir í Bunscoil Naomh Eoin atá suite ar an Mhaigh, Contae Thír Eoghain. Chomh maith leis an scéim phíolótach seo bhí baint againn roimhe seo leis an scéim phíolótach *Make It Real Game*. Agus an scéim phíolótach seo ar bun againn bhí 192 dalta againn; 10% acu sin is dara teanga acu é an Béarla.

SFN

Roghnaigh mé an SFN 'lontas an Domhain' mar mhóthaigh mé go raibh sé iontach ábhartha agus iontach cóngarach d'eispéiris phearsanta na bpáistí féin. Thug an SFN deiseanna do na páistí an domhan ina maireann siad a fhiosrú agus a bhreathnú, agus machnamh ar an dóigh a mbíonn sé ag síorathrú.

Túsphointí

Thosaigh mé le fócas ar An Domhan Thart Orainn. D'fhiafraigh mé de na páistí cad é a bhí ar eolas acu faoi Sheacht nLontas an Domhain. Phléigh muid ansin an t-eolas ar mhaith linn a fháil fúthu agus cá háit a dtiocfadh linn an t-eolas sin a fháil. Labhair muid fosta faoi mar a thiocfadh linn torthaí ár gcuid oibre a chur i láthair daoine eile ar dhóigh eolasach shuimiúil.

Pleanáil

Leagadh na príomh-intinní foghlama amach go soiléir sa SFN agus roinneadh critéir ratha ar bhonn rialta le tuiscint a chinntiú. Ós rud é gur ghá do na páistí bheith ag obair i ngrúpaí bhí go leor plé bunaithe ar na scileanna a bhí de dhíth le foireann rathúil a chruthú. Bhí na páistí ar bís agus iontach díograiseach. Tugadh an tasc do gach grúpa taighde a dhéanamh agus eolas a aimsiú ar Sheacht nLontas an Domhain. Tháinig muid ar gach 'lontas' ar léarscáil mhór den domhan agus fuair amach an fáth ar roghnaíodh iad.

Forbairt

Bhí fáil ag na grúpaí ar ábhar ealaíne agus thar thréimhse ceithre seachtaine, dhear siad réimse póstaer, bileoga, bróisiúir thaistil agus saothar ealaíne agus chuir siad a gcuid oibre ar taispeáint. Bhí cuid de na smaointe a táirgeadh iontach cruthaitheach, d'iarr grúpa amháin orm grianghraf a ghlacadh díobh os comhair planda - bhí siad ag cur i gcéill go raibh siad i nGairdíní Léibheann na Bablóine! Ba léir go raibh na páistí ag bainistiú eolais agus ag comhoibriú lena chéile an chuid is mó den am.

Mar gheall ar na constaicí a bhaineann le curaclam Bhliain 6 ba mhaith liom níos mó ama a chaitheamh ar an SFN seo. Ba é an dul chun cinn nádúrtha a dhéanfaí, Seacht nLontas Cheantar na Maighe a roghnú. Bhí rún agam turas scoile a reáchtáil chuig an díol spéise áitiúil s'againn; an Argory agus Stáblaí an Phálais. As sin thiocfadh bróisiúir taistil turasoíreachta inár gceantar agus nasc le scríbhneoireacht mhealltach i dTeanga agus Litearthacht. D'fhéadfadh na páistí foinsí agus acmhainní idir thraidisiúnta agus dhigiteach a úsáid le tuilleadh taighde a dhéanamh ar na hionaid seo. Ba mhaith liom fosta taighde a dhéanamh ar thionscal na n-úll [ó Stáblaí an Phálais] mar a bhféadfaí nasc le bia folláin a dhéanamh [nasc le Forbairt Phearsanta agus Comhthuisceant].

Luacháil

Bhain na páistí an-sult go deo as gach gné den topaic. D'foghlaím siad an dóigh le hobair mar ghrúpa, ag cothú dhearcadh agus mheon na freagrachta pearsanta, caoinfhulaingt, meas ar bhaill eile foirne agus ar a gcuid smaointe. Ba léir gur tugadh dúshlán na bpáistí agus go ndeachaigh siad i ngleic leis an ábhar de thairbhe an chur chuige ghníomhaigh láimhe a úsáideadh síos tríd an SFN seo. Tá gá le ham a chaitheamh ag pleanáil leis na daltaí - tig liom é seo a fheiceáil mar thionscadal fiúntach.

Bunscoil Naomh Eoin, An Mhaigh, Cás 2

Cúlra

Is scoil bheag bhaile mhóir í Bunscoil Naomh Eoin atá suite ar an Mhaigh, Contae Thír Eoghain. Chomh maith leis an scéim phíolótach seo bhí baint againn roimhe seo leis an scéim phíolótach Make It Real Game. Agus an scéim phíolótach seo ar bun againn bhí 192 dalta againn; 10% acu sin is dara teanga acu é an Béarla.

SFN

Roghnaigh mé an SFN 'An Saol le Blianta Beaga Anuas' óir thacaigh sé leis an mhéid a bhí beartaithe cheana do Bhliain 7 agus bhí a fhios agam go mbeadh suim mhór ag na páistí ann.

Pleanáil

Comhlánaíodh an SFN le linn na sé seachtaine roimh laethanta saoire na Cásca. Bhí an chuid is mó den phleanáil déanta cheana agus, mar sin de, smaoinigh muid ar na scileanna ba mhaith linn na páistí a fhoghlaim le linn an tionscadail. Bhí amlíne le cruthú agus gníomhaíochtaí le cur isteach le cuidiú leis an fhoghlaim.

Túsphointí

Sa téarma roimhe, bhí an rang ag obair ar an Ghorta Mhór, léigh siad *Under The Hawthorn Tree* agus bhí siad leath bealaigh trí *Fields of Home*. D'úsáid muid na húrscéalta seo mar spreagthach leis na hathruithe a tharla sa saol le 150 bliain anuas a phlé. Thosaigh muid a thógáil roinnt croícheisteanna agus ar deireadh chinn muid ar dhíriú ar 'Mar a d'athraigh cúrsaí sláinte'. Ina dhiaidh sin, rinne muid gréasán topaice agus bhreathnaigh muid ar gach réimse foghlama, ag iarraidh teacht ar nasc leis an saol folláin agus má bhí an nasc ró-chaolchúiseach, rinne muid dearmad de.

Forbairt

Nuair a thuig na páistí cad é a bhí siad ag dul a fháil amach faoi, phléigh siad an smaoineamh go mbeadh an chuid eile den scoil agus den phobal is leithne páirteach. Shocraigh siad go gcuirfeadh siad tús le feachtas le páistí eile a spreagadh le níos mó torthaí a ithe ag am súgartha. Bhí polasaí bia fholláin ann cheana ach mhothaigh muid gur an-deis a bhí ann le suim a athbheochan agus phleanáil siad tionól a chur i láthair ag an Cháisc do na sé rang eile ina mbeadh seisiún blasta torthaí.

Chuir an SFN deiseanna ar fáil le foghlaim a fhorbairt trasna réimse achar sa churaclam. Rinne muid nasc idir Teanga agus Litearthacht agus An Domhan Thart Orainn agus chinn muid ar bhreathnú ar dhaoine clúiteacha ón ré Victeoiriach agus ar ar fhág siad mar uacht againn. Mar chuid den phleanáil bhí beathaisnéisí agus dírbheathaisnéisí. Ba mhaith an nasc é le taighde a dhéanamh ar bheatha Florence Nightingale.

Táirgeadh beathaisnéis, d'oibrigh grúpa ar chur i láthair Powerpoint agus chruthaigh grúpa eile ceistneoir. Ansin, d'úsáid an rang suíomh idirlín Victeoiriach de chuid an BBC le taighde a dhéanamh ar dhaoine clúiteacha eile ón ré Victeoiriach agus é a chur i láthair an ranga.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Bhreathnaigh muid ar aiste chothrom bhia mar phríomhthéama, ansin shín muid é le go n-áireofaí éifeachtaí dochracha drugaí agus alcóil. Chuir muid cuireadh ar HAZ (Health Action Zone) teacht a labhairt leis an rang. Ghlac muid páirt fosta in Love for Life Day mar ar phléigh muid ceisteanna sláinte. Phleanáil an rang ina ngrúpaí biachlár torthaí a thiocfadh leo a chur ar fáil do na ranganna eile sa scoil. B'éigean dóibh smaoineamh ar dhóigheanna a dtiocfadh leo an t-eolas seo a thabhairt do na daltaí eile agus an dóigh leis an eolas a chur in oiriúint do na haoisghrúpaí éagsúla.

TFC

D'fhorbair na páistí a scileanna TFC trí chuirí agus póstaer a dhearadh le cuireadh chun tionóil a chur ar an chuid eile de na páistí.

Na hEalaíona

Is furasta gníomhaíochtaí iontacha ealaíne agus dearaidh a bhunú ar 'An Saol le Blianta Beaga Anuas'. Rinne na páistí gníomhaíocht bhróidnéireachta, cuid acu ag roghnú manaí a bhain le torthaí agus le folláine. Chomh maith leis sin, bhreathnaigh muid ar shaothar William Morris agus dhear siad agus tháirg siad a gcló páipéar balla féin. Bhí deiseanna go leor ann póstaer agus bileoga eolais a tháirgeadh ag fógairt an fheachtais bhia fholláin.

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Sholáthraigh an SFN seo deiseanna do réimse cuairteanna ranga. Shocraigh na páistí gur mhaith leo cuairt a thabhairt ar Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá ar an Ómaigh. Chomhlánaigh siad an t-eispéireas Sean-Domhain, eisimirce agus Domhain Nua. I rith an lae bhreathnaigh muid ar na coinníollacha agus ar an bhia a bhí ar fáil do pháistí 150 bliain ó shin. Bhain na páistí an-sult as an eispéireas agus bhí an-nasc idir é agus SFN 'An Saol le Blianta Beaga Anuas'.

Chomh maith leis sin, chomhlánaigh na páistí clár ceithre seachtaine ag Ionad an Chreagáin i dTír Eoghain áit ar fhiosraigh siad mar a bhí an tsochaí eagraithe 4,500 bliain ó shin agus compáráid leis an lá inniu. D'amharc siad fosta ar chairt na bpáistí agus chuir i gcomparáid cearta páistí sa lá atá inniu ann agus cearta páistí san am a chuaigh thart. Bhain croí an chláir le tuiscint níos fearr a bheith ag na páistí gur saoránaigh fhreagracha iad agus meas a fhorbairt ar dhifriúcháí cultúrtha i ndomhan atá ag síorathrú.

Luacháil

Bhain na páistí an-sult as an eispéireas agus mhothaigh siad go raibh siad ag foghlaim níos mó. Bhí siad díograiseach i leith na topaice agus chruthaigh sé seo dea-atmaisféar sa seomra ranga. Ní raibh leagan amach fisiceach an tseomra ag fóirstean d'obair ghrúpa ach d'éirigh linn an fhadhb a shárú. Ba é freagairt na bpáistí ar an turas go Daonpháirc Uladh-Mheiriceá an t-eispéireas ba luachmhaire. Chuaigh siad i ngleic go maith leis an fhoghlaim agus bhain siad sult as a gcuid eolais a roinnt leis an fhoireann. Mothaím gur éirigh an fhoghlaim beo agus iontach fiúntach nuair a bhain muid amach as an seomra ranga í. Os a choinne sin, bhí sé costasach ach ní bheadh an SFN chomh maith céanna gan na cuairteanna ar Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá agus ar Ionad an Chreagáin.

Bunscoil Naomh Iósaf, Tigh Riala

Cúlra

Is scoil bheag tuaithe í Bunscoil Naomh Iósaf, suite i dTigh Riala, Co. an Dúin. Seo an chéad uair a bhí muid páirteach i staidéar píolótach agus bhí sé iontach taitneamhach agus tairbheach. Nuair a rinneadh an staidéar píolótach bhí 75 dalta ar an scoil. Tá ceathrar múinteoirí lánaimseartha againn agus duine amháin páirtaimseartha. Comhranganna ar fad atá againn.

SFN

Roghnaigh mé an SFN 'Éicealaochra' óir go gcuireann sé le topaic na bhforaoisí báistí a bhí beartaithe agam a úsáid cheana. Thaitin ábhar an SFN liom agus sholáthraigh sé réimse leathan smaointe traschuraclaim nach n-úsáidfinn de ghnáth agus an topaic seo á teagasc agam. Is topaic reatha shuimiúil í 'Éicealaochra' agus is tábhachtach go mbeidh eolas ag an chéad ghlúin eile ar a dtionchar ar an timpeallacht agus mar a thig leo aire a thabhairt di.

Pleanáil

Bhí baint ag na páistí leis an phleanáil ó thús deireadh an phróisis. D'úsáid muid clár pleanála a thug fócas agus treo dúinn. Bhí na páistí rannpháirteach i rudaí a shainaithint ar mhaith leo foghlaim fúthu. Phléigh muid na rudaí ba mhaith leo a fháil amach, an dóigh a bhfaigheadh siad amach, cé a chuideodh leo srl. Ag úsáid na pleanála imlíne seo shainaithin mé túsphointe agus phleanáil gníomhaíochtaí SFN do thréimhse sé seachtaine. D'fhorbair mé cuid de na réimsí ar nós na hEolaíochta le beagán doimhne a thabhairt do roinnt gníomhaíochtaí. Aithníodh na hintinní foghlama ag úsáid an SFN agus níorbh fhada gur cuireadh an plean i dtoll a chéile. Bhí an fhormáid aonleathanaigh soiléir ach fuair mé amach gur phlean idir lámha a bhí i gceist agus go raibh sé le leasú le linn an aistir tríd an fhoraois bháistí.

Tusphointí

Mar thúsphointe d'úsáid mé leabhar dar teideal: Life in the Rainforest. Á úsáid seo mar spreagthach don phlé, d'ainmnigh muid cuid mhór rudaí difriúla ar mhaith linn foghlaim fúthu. Ag úsáid an idirlín agus atlas shainaithin muid na háiteanna agus na cineálacha foraoisí báistí agus thosaigh muid ar ár dturas tríd an fhoraois bháistí. Bhí naisc iontacha leis na réimsí Foghlama uile agus ba léir díograis na bpáistí tríd an tionscadal ar fad.

Forbairt

Chuir an SFN deiseanna ar fáil le foghlaim a fhorbairt trasna réimse achar curaclaim.

Teanga agus Litearthacht:

Scribhneoireacht Mhealltach - ag déanamh póstaer le poiblíocht a dhéanamh faoinár siopa foraoise báistí;

Fógra a chruthú lena *smoothie* a dhíol;

Fógraí a luacháil;

Scribhneoireacht phlé - ag fiosrú dhá thaobh den díospóireacht; agus

Scribhneoireacht mar fhreagra ar scéalta faoin fhoraois bháistí.

Matamaitic agus Uimhearthacht:

Comhordanáidí;

Meáchan - meá na dtorthaí don *smoothie*;

Toilleadh - cá mhéad milliméadar do 1 *smoothie*?

Cá mhéad do 10?

Céatadain - cén % de gach toradh a úsáidtear do gach *smoothie*;

Léamh teochta - báisteach - meáin, íosmhéid, uasmhéid, raon a áireamh; Cruthú graf;

Siméadracht- féileacáin; agus

Airgead- oibriú amach costas *smoothie*, cá mhéad a chosnaíonn sé iad a dhéanamh, brabús, srl..

An Domhan Thart Orainn:

Áit

Cá bhfuil na foraoisí báistí? Úsáid atlas le teacht ar fhoraoisí báistí agus ar ilchríocha;

Plandaí agus ainmhithe sa cheantar agus iad a chur i comparáid leo siúd atá san fhoraois bháistí; agus

Ábhair ón fhoraois bháistí a shórtáil.

Idirspleáchas

Fás plandaí - turgnaimh agus triail chothrom;

Biashlabhraí agus biaghréasáin; agus

Táirgí ón fhoraois bháistí - trádáil chóir.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint:

Bia folláin - torthaí, aiste chothrom bhia

Na hEalaíona:

Ceol - ag éisteacht le fuaimanna na foraoise báistí, ag cumadh ceol agus fuaimanna foraoise báistí;

Maisc Threibhe - taighde a dhéanamh ar mhaisc threibhe agus iad a dhéanamh le plástar Pháras; agus

Colláis foraoise báistí

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta:

Ag Obair le Daoine Eile - ag eagrú agus ag cur siopa foraoise báistí ar bun; agus Smaointeoireacht, Fadhbreiteach agus Cinnteoireacht - an rogha is fearr do bhundúchasaigh na foraoise báistí agus iad ag iarraidh plé le scríosadh a mbailte, ag míniú na roghanna agus ag cur gach rud sa mheá.

Luacháil

Chuir an scéim phíolótach seo deis iontach ar fáil dúinn léargas a fháil ar Churaclam Athbheithnithe Thuaisceart Éireann. Bhí an tionscadal seo le leas ár bhfoirne iomláine agus spreag sé muid maidir lenár gcleachtas seomra ranga a athrú agus scileanna agus cumais úra a chur i bhfeidhm inár dteagasc laethúil. Bhain mé sult as an chur chuige foghlama nasctha, d'imigh an t-am chomh gasta sin óir bhí nasc idir gach rud agus bhí mothú fíorshásaimh ann go raibh na páistí i ngleic go hiomlán lena gcuid foghlama.

Lean mé d'úsáid clár pleanála, de chritéir ratha a roinnt leis na páistí agus de stráitéis dhá réalta agus mian mar bhunchuid den Mheasúnú i gcomhair Foghlama. Ba é an rath a bhí ar an fhiontar foraoise báistí an chuid ba dhearfaí ar fad. Bhí na páistí chomh díograiseach faoin siopa a chur ar bun agus an feachtas fógraíochta a ullmhú. Bhí mé fíorbhródúil astu, gur éirigh leo an méid sin a bhaint amach agus ba luachmhar linn an toradh a fheiceáil.

Bhain mé féin agus na páistí an dúshult as an eispéireas foghlama ar thug muid faoi. Bhí an rang iontach tógtha corraitheach agus bhí na páistí ag síorchaint ar a gcuid oibre. D'fhoghlaim siad an dóigh le comhoibriú níos fearr agus iad ag obair i ngrúpaí agus bhain siad tairbhe as ról a ghlacadh. D'oibrigh siad chomh crua sin ag cur an tsiopa foraoise báistí ar bun, bhí siad chomh gafa sin leis an chéim phleanála agus bhí ciall chinnte den ghnóhachtáil acu de thairbhe gur éirigh chomh maith sin leis an lá agus gur thóg siad breis agus £100 do Trócaire. Ba léir a ndíograis i rith ama agus is cinnte gur ardaíodh leibhéal féinmheasa agus mhuiníne.

Chuir muid cuireadh ar na tuismitheoirí teacht chun na scoile i gcomhair ceardlann foraoise báistí agus rinne siad tagairt do chomh tógtha agus a bhí na páistí faoin tionscadal agus go mbíodh siad ag síorchaint faoina gcuid oibre ar an fhoraois bháistí agus iad sa bhaile. Bhain idir pháistí agus thuismitheoirí sult as an eispéireas foghlama seo.

Foilseachán de chuid CCEA © 2009



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk